

DÍOL NA CEILPE

Ní fhaca mé bean ar bith ar bith is cruaidhe a shaothruigh an saoghal ná mo mháthair. Nuair a bhí sí féin agus m'athair ina gcomhnaidhe i Roisín a' tSamha bhíodar ag déanamh ceilpe bliain in Inis Bigir. Shiubhalaidís ó Roisín an tSamha chuile mhaidin go hInis Bigir agus shiubhalaidís abhaile tráthnóna taréis an lá a chaitheamh a' dó ceilpe.

Nuair a bhí an ceilp réidh acab le n-a díol ní raibh ceannuidhe ní ba goire dóibh ná an Caiseal. Lochtuigheadar an ceilp i mbád iomartha agus chuaigh an bheirt sa mbád léithe go Caiseal. Hazel a bhí dhá ceannacht. Bhí spiadóir rompab a d'innis do Hazel gur chuireadar feamainn dhubh sa gceilp; agus ní rabh ná rud ar bith ach cabhairleach agus feamainn dhearg. Dubhairt Hazel nach gceannóchadh sé an ceilp, agus níor cheannuigh. Chuireadar an bád amach agus dubhradar go mbeadh ceannuidhe i gCill Chiaráin lá ar n-a bhárach agus go ngabhfaid siad annsin.

Thugadar an lucht ceilpe ón gCaiseal go Cill Chiaráin an lá sin. Chaitheadar an oidhche annsin. Sé Hazel a bhí a' ceannacht i gCill Chiaráin aríst lá arna bhárach. Nuair a chonaic sé an ceilp "sin í an ceilp a dhiúltuigh mé indé" ar sé, "ní cheannóchaidh mé í."

Chualadar i gCill Chiaráin go mbeadh ceannaidhe i Leitir Mealláin an lá ina dhiaidh sin. Chuireadar an bád amach ó chéibh Chill Chiaráin agus thiomáineadar leo soir go Leitir Mealláin. Chuir mo mháthair leath báid in aghaidh m'athar ó Inis Bigir go Caiseal agus ó Chaiseal go Cill Chiaráin, agus ó Chill Chiaráin go Leitir Mealláin. Bhí ceannaidhe eile i Leitir Mealláin a cheannuigh an ceilp uathab. Dubhairt sé nach bhfaca sé an bhliain sin aon ceilp ab fhearr ná í, agus fuadar a luach uaidh. B'éigin dóibh an bád a iomradh anoir go Carna.

Go ndéana Dia grásta ar anam mo mháthar. Sí a shaothraigh an saoghal.